**TRANSLATION - IRISH**

Northern Ireland Statistics & Research agency

count me in
Census2001

## *Léigh seo le do thoil sula gcomhlánaíonn tú do fhoirm Dhaonáirimh.*

Tá an bhileog seo á cur ar fáil duit i do theangasa le cuidiú leat bheith rannpháirteach i nDaonáireamh 2001. Is í foirm Dhaonáirimh 2001 i mBéarla an fhoirm a chaithfeas tú a chomhlánú agus cuideoidh an Bhileog Aistriúcháin seo leat tuiscint conas seo a dhéanamh.

Sna leathanaigh a leanas den bhileog seo gheobhaidh tú na ceisteanna agus na treoracha ó Fhoirm Theaghlaigh Dhaonáireamh 2001 Thuaisceart Éireann (go dtí an chéad duine i do theaghlach agus an duine sin san áireamh), agus caithfidh tú na ceisteanna a fhreagairt do gach duine a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi i do theaghlach. Tá na ceisteanna mar an gcéanna do gach duine, mar sin féadfaidh tú úsáid a bhaint as an aistriúchán ar leathanaigh 6 go 8 den bhileog seo le cuidiú leat tuiscint conas na ceisteanna a fhreagairt do gach duine i do theaghlach.

Má bhíonn deacrachtaí agat ag comhlánú fhoirm an Daonáirimh féadfaidh tú cuidiú a iarraidh ach glaoch a chur ar ***Cabhairlíne an Daonáirimh 0845 3020011.***

Cuntas é an Daonáireamh ar an daonra ar fad agus déantar é uair amháin gach deich mbliana. Téann faisnéis an Daonáirimh chun sochair dúinn uilig – caithfear gach uile dhuine ***a chur san áireamh*** le go bhféadaimid na seirbhísí a fháil a bhéas de dhíth orainn sa todhchaí.

Cuideoidh torthaí an Daonáirimh todhchaí níos fearr a phleanáil do chách.

Tá faisnéis an Daonáirimh ina rún daingean – ní nochtfar aon fhaisnéis a bhaineann leat go pearsanta.

Tá dualgas dleathach ort an fhoirm Dhaonáirimh a chomhlánú agus a chur ar ais.

***Cuir an fhoirm Dhaonáirimh ar ais sa phost sa chlúdach réamhdhíolta a luaithe is féidir i ndiaidh***

***Dé Domhnaigh, an 29 Aibreán.***

***Daonáireamh Thuaisceart Éireann***

***29 Aibreán 2001***

# *An fheidhm a bhainfear as torthaí an Daonáirimh.*

Tá an Daonáireamh an-tábhachtach i dtaca le pleanáil a dhéanamh don todhchaí agus i dtaca leis na seirbhísí atá de dhíth ar an phobal a chur ar fáil.

### *Daoine*

Téann an líon daoine agus a n-aoiseanna i bhfeidhm ar an mhéid airgid a dháiltear ar réimse seirbhísí lena n-áirítear seirbhísí sláinte ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Bainfear feidhm as an fhaisnéis fosta le cuidiú le pleanáil a dhéanamh i gcomhair scoileanna agus riachtanas seandaoine.

### *Tithíocht*

Cuideoidh ceisteanna faoi do theach an ráchairt reatha agus todhchaí ar thithíocht a mheas agus riachtanais tithíochta grúpaí áirithe a mheas, mar shampla, teaghlaigh ina bhfuil páistí óga agus seandaoine. Cuideoidh faisnéis ar dhrochthithíocht agus ar phlodú tithe le pleanáil don todhchaí.

### *Obair*

Má tá eolas ann faoin mhéid daoine atá ag obair i bpoist agus i dtionscail éagsúla i gceantair áirithe féadfar ganntanais scileanna agus riachtanais oiliúna a aithint agus féadfar poist a phleanáil don todhchaí. Cuirimid ceist faoi sheoladh d’fhostóra le go mbeimid in ann an sruth taisteal-chun-oibre a mheas. Ní dhéanfar teagmháil le d’fhostóir.

### *Sláinte agus Cúram*

Má tá eolas ann faoi shláinte an phobail cuidíonn sin na seirbhísí cearta a phleanáil do do cheantar. Cuideoidh faisnéis faoi ghnáthshláinte an phobail seirbhísí liachleachtóirí agus seirbhísí sláinte eile a bhéas de dhíth i do chomhphobal sa todhchaí a thairngreacht.

### *Iompar*

Cuidíonn faisnéis faoi conas a théann tú go dtí agus a philleann tú ó do chuid oibre agus faoi cá mhéad duine a bhfuil gluaisteáin acu patrúin iompair sa todhchaí a aithint agus forbairt scéimeanna leis an iompar phoiblí a fheabhsú agus leis an bhrú tráchta a mhaolú.

***Má tá deacrachtaí agat ag comhlánú fhoirm an Daonáirimh:***

***Cabhairlíne an Daonáirimh** ar **0845 3020011***
*(gearrtar an táille áitiúil)*

*Tá eolas faoin Daonáireamh ar fáil fosta ar an idirlíon ag*
***www.nicensus2001.gov.uk***

***Daonáireamh Thuaisceart Éireann***
***29 Aibreán 2001***

H5

Northern Ireland Statistics & Research Agency

# Daonáireamh Thuaisceart Éireann

## 29 Aibreán 2001

**count me in**

**Foirm Theaghlaigh**

**Cabhairlíne an Daonáirimh 0845 3020011 Guthán Téacs do na Bodhair 0845 3032001 Láithreán Gréasáin www.nicensus2001.gov.uk**

### Don Cheann Teaghlaigh

Cuntas é an Daonáireamh a dhéantar uair amháin gach deich mbliana ar gach duine agus ar gach teaghlach sa tír. Baineann rialtas lárnach agus áitiúil, údaráis sláinte agus a lán eagraíochtaí eile nach iad úsáid as eolas an Daonáirimh i dtaca le hacmhainní a dháileadh agus le seirbhísí a phleanáil do chách. Riarann Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann an Daonáireamh i dTuaisceart Éireann.

### D'fhoirm a chomhlánú

Tá comhlánú na foirme Daonáirimh éigeantach faoin Census Act (Northern Ireland) 1969. Má dhiúltaíonn tú í a chomhlánú, nó má thugann tú faisnéis bhréige, dlífear fíneáil a ghearradh ort. Ní bhaineann an dliteanas seo leis na ceisteanna faoi reiligiún. Ní chomhlíontar an dualgas atá ort foirm chomhlánaithe a chur ar ais go dtí go mbeidh an fhoirm faighte againne. Má tá cuidiú de dhíth ort, ná bíodh moill ort teagmháil a dhéanamh leis an Chabhairlíne Dhaonáirimh.

### Rúndacht

Tá cosaint dlí ag an fhaisnéis a thugann tú agus coinneofar faoi rún daingean í. Ní úsáidfear í ach amháin le staidrimh a sholáthar, agus dlífear aon duine a úsáideann nó a nochtann faisnéis Daonáirimh go míchuí a ionchúiseamh. Coinneofar foirmeacha Daonáirimh faoi choimeád daingean faoi théarmaí an Public Records Act (Northern Ireland) 1923.

**Go raibh maith agat as do chomhoibriú.**

T. N. Caven

An Dr T N Caven

**ARD-CHLÁRAITHEOIR TUAISCEART ÉIREANN**

### Na nithe atá le déanamh agatsa

- Is ceart don teaghlach an fhoirm seo a chomhlánú i **ndúch dubh nó gorm**. Is ionann teaghlach agus:
  - duine amháin a chónaíonn leis/léi féin, nó
  - grúpa daoine (ní gá gaol a bheith eatarthu) a chónaíonn ag an seoladh chéanna agus a bhfuil an tíos á riar i gcomhar acu – seomra cónaithe nó seomra suite á chomhroinnt, nó ar a laghad béile amháin sa lá á chomhroinnt acu.
- Clúdaíonn an fhoirm seo seisear. Má tá os cionn seisir i do theaghlach beidh foirm bhreise de dhíth ort.
- Liostaigh na daoine den teaghlach i dTábla 1 (leathanach 2). Féadfaidh tú cuairteoirí a liostú i dTábla 2 ar an leathanach chéanna.
- Freagair na ceisteanna faoi do chóiríocht (leathanach 3).
- Comhlánaigh an roinn a bhaineann le gaolmhaireachtaí (leathanaigh 4 agus 5).
- Bí cinnte go ndéanfar aon roinn a bhaineann le daoine a chomhlánú do gach duine de do theaghlach (3 leathanach) san ord chéanna ina liostaítear iad i dTábla 1.
- Fág gach roinn nó leathanach nach n-úsáidtear bán.
- Sínigh an Dearbhú agus **cuir an fhoirm ar ais** leis an phost (chomh maith le foirmeacha ar bith eile don teaghlach) sa chlúdach réamhíoctha atá curtha ar fáil chuige sin.

**Má tá cuidiú nó tuilleadh foirmeacha de dhíth, cuir scairt ar Chabhairlíne an Daonáirimh 0845 3020011. Gearrtar an ráta áitiúil ar gach scairt ar an uimhir seo.**

## Dearbhú

- Le síniú i ndiaidh an fhoirm seo a chomhlánú. Bí cinnte nár fhág tú aon leathanaigh nó ceisteanna ar lár.

**Tá an fhoirm seo comhlánaithe de réir mar is fearr is eol domh agus mar a chreidim.**

**Síniú/Sínithe**

**Dáta**

## Tábla 1 Daoine den Teaghlach

- Úsáid *dúch dubh nó gorm* agus déan liosta de gach duine den teaghlach a chónaíonn ag an seoladh seo de ghnáth, tú féin san áireamh.
  - Tosaigh leis an cheann teaghlaigh nó le comhchinn teaghlaigh.
  - Cuir san áireamh duine ar bith atá as baile go sealadach ar oíche an 29 Aibreán 2001 ach a chónaíonn ag an seoladh seo de ghnáth.
  - Cuir san áireamh daltaí scoile agus mic léinn má chónaíonn siad ag an seoladh seo le linn an téarma scoile, coláiste nó ollscoile.
  - Cuir san áireamh fosta daltaí scoile agus mic léinn a bhíonn as baile le linn an téarma scoile, coláiste nó ollscoile nach bhfuil ach buneolas de dhíth ina leith ag an seoladh seo.
  - Cuir san áireamh naíonán ar bith a bheirtear roimh 30 Aibreán 2001, fiú amháin má tá an naíonán san ospidéal go fóill.
  - Cuir san áireamh daoine a bhfuil níos mó ná seoladh amháin acu más ag an seoladh seo a bhíonn cónaí orthu *bunús an ama*.
  - Cuir san áireamh duine ar bith atá ag fanacht agat agus nach bhfuil gnáthsheoladh eile aige.
  - Cuir san áireamh céile nó páirtnéir a oibríonn as baile cuid den am, nó atá ina bhall de na fórsaí armtha, má bhíonn cónaí orthu de ghnáth ag an seoladh seo.
- Má tá duine ar bith de do theaghlach atá 16 nó os a chionn ag iarraidh foirm ar leith ar son na príobháideachta, déan teagmháil leis an Chabhairlíne Dhaonáirimh agus cuir ✓ sa bhocsa iomchuí sa cholún 'Foirm Ar Leith'.

| Duine Uimhir | Foirm Ar Leith |
|---|---|
| Duine 1 | |
| Duine 2 | |
| Duine 3 | |
| Duine 4 | |
| Duine 5 | |
| Duine 6 | |
| Má tá níos mó ná 6 i do theaghlach, beidh foirm sa bhreis de dhíth ort. Déan teagmháil leis an Chabhairlíne Dhaonáirimh, le do thoil. | |
| Duine 7 | |
| Duine 8 | |
| Duine 9 | |
| Duine 10 | |
| Duine 11 | |
| Duine 12 | |

## Tábla 2 Cuairteoirí

- Le cuidiú leat an fhoirm a chomhlánú, féadfaidh tú Tábla 2 a úsáid le cuairteoirí a liostú atá ag fanacht ag an seoladh seo, ar oíche an 29 Aibreán 2001, ach a mbíonn cónaí orthu in áit eile de ghnáth.
- Muna mbíonn ach cuairteoirí ag an seoladh seo, comhlánaigh ceisteanna H1 go H6 (leathanach 3). Ní gá tuilleadh ceisteanna a fhreagairt.

| Ainm agus sloinne | Seoladh |
|---|---|
| | |

# Conas na ceisteanna eile a fhreagairt

***Cuimhnigh ar dhúch dubh nó gorm a úsáid.***
*Cuir tic sa bhocsa iomchuí, mar seo ☑.*
*Má mharcálann tú an bocsa contráilte, líon isteach an bocsa agus cuir tic sa cheann cheart, mar seo* ■ ☑

*Má tá ort freagra a scríobh, úsáid CEANNLITREACHA agus fág spás amháin idir gach focal. Más féidir é, téigh go dtí líne úr muna bhfuil go leor spáis ar líne áirithe d'fhocal ar leith.*

**9 Cad é an tír inar rugadh thú?**

☑ Áit eile, ***scríobh isteach ainm reatha na tíre***

S O U T H

A F R I C A

# Cóiríocht Teaghlaigh

**H1 Cad é an cineál cóiríochta atá ag do theaghlach?**

**Teach *iomlán* nó bungaló atá:**

Scoite

Leathscoite

Ar ardán tithe (lena n-áirítear teach dheireadh ardáin)

**Árasán, maisonette nó leithlann atá:**

I mbloc árasán nó i dtionóntán a tógadh chuige sin

Mar chuid de theach oiriúnaithe nó comhroinnte (lena n-áirítear teaghaisíní)

I bhfoirgneamh tráchtála (i bhfoirgneamh oifige, nó óstán, nó os cionn siopa, mar shampla)

**Déanmhas soghluaiste nó sealadach:**

Carbhán nó déanmhas soghluaiste nó sealadach eile

**H2 An bhfuil cóiríocht do theaghlaigh lánscartha?**

♦ **Ciallaíonn seo go bhfuil na seomraí *uilig*, cistin, seomra folctha agus leithreas san áireamh, taobh thiar de dhoras nach bhféadann ach do theaghlachsa a úsáid.**

Tá, tá na seomraí uilig taobh thiar de dhoras nach bhféadann ach ár dteaghlachna a úsáid

Níl

**H3 Cá mhéad seomra atá agat le haghaidh do theaghlaigh amháin?**

♦ ***Ná háirigh*** **seomraí folctha, leithris, hallaí nó léibhinn, nó seomraí nach féidir a úsáid ach le haghaidh stórála, mar shampla cófraí.**

♦ ***Áirigh*** **gach seomra eile, mar shampla cistineacha, seomraí cónaithe, seomraí leapa, seomraí áiseanna agus seomraí staidéir.**

♦ **Má rinneadh seomra amháin de dhá sheomra, liostaigh mar sheomra amháin iad.**

An Líon Seomraí

**H4 An bhfuil folcadán/ cithfholcadán *agus* leithreas agat le haghaidh do theaghlaigh amháin?**

Tá Níl

**H5 Cad é an t-urlár is ísle de chóiríocht chónaithe do theaghlaigh?**

Íoslach nó leathíoslach

Bunurlár talún (ar chothrom na sráide)

Chéad urlár (urlár os cionn chothrom na sráide)

Dara hurlár

Tríú nó ceathrú hurlár

Cúigiú hurlár nó níos airde

**H6 An bhfuil na seomraí atá in úsáid ag do theaghlach ar níos mó ná aon urlár amháin?**

Tá Níl

**H7 An bhfuil téamh lárnach i do chóiríocht?**

♦ **Má tá téamh lárnach ar fáil agat, cuir ✓ le 'Tá', cibé acu a úsáideann tú é nó nach n-úsáideann.**

♦ **Cuimsíonn téamh lárnach:**

- **téamh lárnach gáis, ola nó breosla sholadaigh,**
- **téitheoirí stórála oíche,**
- **téamh aeir the,**
- **téamh faoi urlár**

Tá, i gcuid de na seomraí nó san iomlán acu

Níl

**H8 Cá mhéad gluaisteán nó veain atá ar úinéireacht, nó ar fáil lena n-úsáid, ag duine amháin nó níos mó de do theaghlach?**

♦ **Áirigh gluaisteán nó veain cuideachta má tá sé ar fáil le haghaidh úsáide príobháidí.**

Ceann ar bith Ceann amháin

Dhá cheann Trí cinn

Ceithre cinn nó níos mó, ***scríobh an uimhir, le do thoil***

**H9 An le do theaghlach an chóiríocht nó an bhfuil sí ar cíos?**

♦ **Cuir ✓ in aon bhocsa amháin.**

Is leis an teaghlach í go hiomlán
► **Gabh chuig H11**

Is leis an teaghlach í, le morgáiste nó le hiasacht
► **Gabh chuig H11**

Íoctar cíos agus morgáiste ina leith (comhúinéireacht)
► **Gabh chuig H11**

Ar cíos
► **Gabh chuig H10**

Cónaí saor ó chíos
► **Gabh chuig H10**

**H10 Cé hé do thiarna talún?**

Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann

Comhlachas Tithíochta Comharchumann Tithíochta Iontaobhas Carthanach

Tiarna talún príobháideach nó gníomhaireacht ligean ar cíos

Fostóir duine den teaghlach

Gaol nó cara le duine den teaghlach

Eile

**H11 Tiontaigh an leathanach, le do thoil.**

# Daoine den Teaghlach agus a nGaolmhaireachtaí sa Teaghlach

- **Taispeánann an sampla thíos conas an fhaisnéis faoi ghaolmhaireachtaí a thabhairt maidir le Seán Mac Gabhann, a bhean chéile (Máire Nic Gabhann) agus a gceathrar páistí (Alison Nic Gabhann, Stiofán Mac Gabhann, Séamus Mac Gabhann agus Máiréad Nic Gabhann).**
- **Sa sampla seo is é mac an ghaolmhaireacht atá ag Stiofán (Duine 4) le Duine 1 agus le Duine 2 agus deartháir an ghaolmhaireacht atá aige le Duine 3.**

| Ainm Dhuine 1 | Ainm Dhuine 2 | Ainm Dhuine 3 | Ainm Dhuine 4 |
|---|---|---|---|
| Ainm: SEÁN<br>Sloinne: MAC GABHANN | Ainm: MÁIRE<br>Sloinne: NIC GABHANN | Ainm: ALISON<br>Sloinne: NIC GABHANN | Ainm: STIOFÁN<br>Sloinne: MAC GABHANN |

CUIR ISTEACH AINM DHUINE 1 THUAS

| Gaolmhaireacht Dhuine 2 le Duine → | 1 |
|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | ☑ |
| Páirtnéir | ☐ |
| Mac nó iníon | ☐ |
| Leaspháiste | ☐ |
| Deartháir nó deirfiúr | ☐ |

| Gaolmhaireacht Dhuine 3 le Duine → | 1 | 2 |
|---|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | ☐ | ☐ |
| Páirtnéir | ☐ | ☐ |
| Mac nó iníon | ☑ | ☑ |
| Leaspháiste | ☐ | ☐ |
| Deartháir nó deirfiúr | ☐ | ☐ |

| Gaolmhaireacht Dhuine 4 le Duine → | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | ☐ | ☐ | ☐ |
| Páirtnéir | ☐ | ☐ | ☐ |
| Mac nó iníon | ☑ | ☑ | ☐ |
| Leaspháiste | ☐ | ☐ | ☐ |
| Deartháir nó deirfiúr | ☐ | ☐ | ☑ |

- **Úsáid an t-ord céanna ina bhfuil Daoine i dTábla 1 (leathanach 2), agus tosaigh le Duine 1.**
- **Priontáil ainm gach duine den teaghlach sa spás ag barr gach colúin.**
- **Cuir ✓ i mbocsa le gaolmhaireacht gach duine a thaispeáint le gach duine eile den teaghlach.**
- **Cuir faisnéis ar fáil anseo ar dhaoine den teaghlach a bhfuil Foirm Ar Leith de dhíth orthu ar chúiseanna príobháideachta. Is ceart ceisteanna a bhaineann leis na daoine sin ar na leathanaigh ina dhiaidh seo a fhágáil bán.**

| **Ainm Dhuine 1** | **Ainm Dhuine 2** | **Ainm Dhuine 3** | **Ainm Dhuine 4** |
|---|---|---|---|
| Ainm | Ainm | Ainm | Ainm |
| Sloinne | Sloinne | Sloinne | Sloinne |

CUIR ISTEACH AINM DHUINE 1 THUAS

| Gaolmhaireacht Dhuine 2 le Duine → | 1 |
|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | |
| Páirtnéir | |
| Mac nó iníon | |
| Leaspháiste | |
| Deartháir nó deirfiúr | |
| Máthair nó athair | |
| Leasmháthair nó leasathair | |
| Garpháiste | |
| Garthuismitheoir | |
| Gaolmhaireacht eile | |
| Neamhghaolmhar | |

| Gaolmhaireacht Dhuine 3 le Duine → | 1 | 2 |
|---|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | | |
| Páirtnéir | | |
| Mac nó iníon | | |
| Leaspháiste | | |
| Deartháir nó deirfiúr | | |
| Máthair nó athair | | |
| Leasmháthair nó leasathair | | |
| Garpháiste | | |
| Garthuismitheoir | | |
| Gaolmhaireacht eile | | |
| Neamhghaolmhar | | |

| Gaolmhaireacht Dhuine 4 le Duine → | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | | | |
| Páirtnéir | | | |
| Mac nó iníon | | | |
| Leaspháiste | | | |
| Deartháir nó deirfiúr | | | |
| Máthair nó athair | | | |
| Leasmháthair nó leasathair | | | |
| Garpháiste | | | |
| Garthuismitheoir | | | |
| Gaolmhaireacht eile | | | |
| Neamhghaolmhar | | | |

**Ainm Dhuine 5**

Ainm **SÉAMUS**
Sloinne **MAC GABHANN**

| **Gaolmhaireacht Dhuine 5 le Duine** ➔ | **1** | **2** | **3** | **4** |
|---|---|---|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Páirtnéir | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Mac nó iníon | ☑ | ☑ | ☐ | ☐ |
| Leaspháiste | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Deartháir nó deirfiúr | ☐ | ☐ | ☑ | ☑ |

Ainm Dhuine **6**

Ainm **MÁIRÉAD**
Sloinne **NIC GABHANN**

| **Gaolmhaireacht Dhuine 6 le Duine** ➔ | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Páirtnéir | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Mac nó iníon | ☑ | ☑ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Leaspháiste | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Deartháir nó deirfiúr | ☐ | ☐ | ☑ | ☑ | ☑ |

**Ainm Dhuine 5**

Ainm

Sloinne

| **Gaolmhaireacht Dhuine 5 le Duine** ➔ | **1** | **2** | **3** | **4** |
|---|---|---|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | | | | |
| Páirtnéir | | | | |
| Mac nó iníon | | | | |
| Leaspháiste | | | | |
| Deartháir nó deirfiúr | | | | |
| Máthair nó athair | | | | |
| Leasmháthair nó leasathair | | | | |
| Garpháiste | | | | |
| Garthuismitheoir | | | | |
| Gaolmhaireacht eile | | | | |
| Neamhghaolmhar | | | | |

**Ainm Dhuine 6**

Ainm

Sloinne

| **Gaolmhaireacht Dhuine 6 le Duine** ➔ | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| Fear Céile nó Bean Chéile | | | | | |
| Páirtnéir | | | | | |
| Mac nó iníon | | | | | |
| Leaspháiste | | | | | |
| Deartháir nó deirfiúr | | | | | |
| Máthair nó athair | | | | | |
| Leasmháthair nó leasathair | | | | | |
| Garpháiste | | | | | |
| Garthuismitheoir | | | | | |
| Gaolmhaireacht eile | | | | | |
| Neamhghaolmhar | | | | | |

**Is ceart na ceisteanna atá fágtha a fhreagairt do gach duine de do theaghlach san ord chéanna ina bhfuil siad i dTábla 1 (leathanach 2 de d'Fhoirm Theaghlaigh). Má tá duine de do theaghlach ag comhlánú Foirm Ar Leith ar chúiseanna príobháideachta, is ceart na ceisteanna atá fágtha don duine seo a fhágáil *bán*.**

# Duine 1

**1 Cad é an t-ainm atá ort? (Duine 1 i dTábla 1)**

Céadainm agus sloinne

**2 Cad é do ghnéas?**

Fireann Baineann

**3 Cad é do dháta breithe?**

Lá Mí Bliain

**4 Cad é do stádas pósta (ar an 29 Aibreán 2001)?**

Singil (níor phós riamh)

Pósta (an chéad phósadh)

Athphósta

Idirscartha (ach pósta de réir an dlí go fóill)

Colscartha

Baintreach

**5 An dalta scoile nó mac léinn tú atá ag fáil oideachas lánaimseartha?**

Is ea ► Gabh chuig **6**

Ní hea ► Gabh chuig **7**

**6 An bhfuil cónaí ort ag an seoladh atá ar thosach na foirme seo le linn an téarma scoile, coláiste nó ollscoile?**

♦ Ná freagair an cheist seo ach amháin i gcás inar fhreagair tú 'Is ea' i gCeist 5.

Tá cónaí orm ag an seoladh seo le linn an téarma scoile/coláiste/ollscoile

► Gabh chuig **7**

Níl, tá cónaí orm in áit eile le linn an téarma scoile/coláiste/ollscoile

► Gabh chuig **35**

**7 An bhfuil tú in ann Gaeilge a thuiscint, a labhairt, a léamh nó a scríobh?**

♦ Cuir ✓ sna bocsaí uilig is infheidhme.

Gaeilge labhartha a thuiscint

Gaeilge a labhairt

Gaeilge a léamh

Gaeilge a scríobh

Ceann ar bith díobh thuas

**8 An measann tú go mbaineann tú le reiligiún ar leith?**

Measaim

► Gabh chuig **8a**

Ní mheasaim

► Gabh chuig **8b**

**8a Cad é an aicme nó an eagraíocht chreidimh a mbaineann tú léi?**

Caitliceach Rómhánach

An Eaglais Phreispitéireach in Éirinn

Eaglais na hÉireann

An Eaglais Mheitidisteach in Éirinn

Eile, *scríobh isteach é, le do thoil*

► Gabh chuig **9**

**8b Cad é an aicme nó an eagraíocht chreidimh inar tógadh thú?**

Caitliceach Rómhánach

An Eaglais Phreispitéireach in Éirinn

Eaglais na hÉireann

An Eaglais Mheitidisteach in Éirinn

Eile, *scríobh isteach é, le do thoil*

Creideamh ar bith

**9 Cad é an tír inar rugadh thú?**

Tuaisceart Éireann

Sasana

An Bhreatain Bheag

Albain

Poblacht na hÉireann

Áit eile, *scríobh isteach ainm reatha na tíre, le do thoil*

**10 Cad é an grúpa eitneach acu seo a bhfuil tú, i do bharúil, i do bhall de?**

♦ Ná cuir ✓ ach i mbocsa amháin.

Geal

Síneach

Duine de lucht siúil na hÉireann

Indiach

Pacastánach

Bainglaidéiseach

Cairibeach Gorm

Afracach Gorm

Gorm Eile

Grúpa eitneach measctha, *scríobh isteach an t-ainm*

Grúpa eitneach ar bith eile, *scríobh isteach an t-ainm*

**11 Le dhá mhí dhéag anuas, an ndéarfá, fríd is fríd, go raibh do shláinte:**

Go maith?

Measartha maith?

Chan go maith?

**12 An dtugann tú aire, tacaíocht nó cuidiú do dhaoine den teaghlach, do chairde, do chomharsana nó do dhaoine eile mar gheall ar:**

- **easláinte nó mhíchumas fadtréimhseach coirp nó meabhrach,**
- **fhadhbanna a bhaineann le seanaois?**

♦ *Ná* háirigh rud ar bith a dhéanann tú mar chuid de d'fhostaíocht íoctha.

♦ Cuir ✓ leis an mhéid ama a chaitear i ngnáthsheachtain.

Ní thugaim

Tugaim, 1–19 uair an chloig sa tseachtain

Tugaim, 20–49 uair an chloig sa tseachtain

Tugaim, 50+ uair an chloig sa tseachtain

# Duine 1 – *ar leanstan*

**13 An bhfuil breoiteacht fhadtréimhseach, fadhb shláinte nó míchumas ort a theorannaíonn do ghníomhaíochtaí laethúla nó an obair a fhéadann tú a dhéanamh?**

♦ Áirigh fadhbanna a bhaineann le seanaois.

Tá Níl

**14 Cad é an gnáthsheoladh a bhí agat bliain ó shin?**

♦ Má bhí tú i do dhalta i scoil chónaithe nó i do mhac léinn bliain ó shin, luaigh an seoladh ag a raibh cónaí ort le linn an téarma scoile/coláiste/ollscoile.

♦ I gcás naíonáin a rugadh i ndiaidh an 29 Aibreán 2000, cuir ✓ sa bhosca 'Gan gnáthsheoladh ar bith bliain ó shin'.

An seoladh atá ar thosach na foirme

Gan gnáthsheoladh ar bith bliain ó shin

Áit eile, *scríobh isteach é thíos le do thoil*

Postcód

**15 Má tá tú idir 16 agus 74 bliain d'aois** ► Gabh chuig **16**

**Má tá tú 15 bliain d'aois agus faoina bhun, nó 75 agus os a chionn** ► Gabh chuig **35**

**16 Cén cáilíochtaí acu seo atá agat?**

♦ Cuir ✓ leis na cáilíochtaí uilig, nó a gcomhionann de cháilíochtaí, atá infheidhme.

GCSE (gráid D-G), CSE (gráid 2-5)

1-4 CSE (grád 1), 1-4 GCSE (gráid A-C), 1-4 Pasanna O-Leibhéil

5+ CSE (grád 1), 5+GCSE (gráid A-C), 5+ Pasanna O-Leibhéil, Deimhniú Sinsearach

1 A-Leibhéal, 1-3 AS Leibhéal, Ard-Deimhniú Sinsearach

2+ A-Leibhéal, 4+AS Leibhéal

BunChéim

IarChéim

NVQ Leibhéal 1, GNVQ Bunchúrsa

NVQ Leibhéal 2, GNVQ Meánchúrsa

NVQ Leibhéal 3, GNVQ Ardchúrsa

NVQ Leibhéal 4, HNC, HND

NVQ Leibhéal 5

Cáilíochtaí ar bith

**17 An raibh tú ag déanamh obair ar bith an tseachtain seo caite:**

- **mar fhostaí, nó ar scéim traenála faoi urraíocht Rialtais,**
- **mar dhuine féinfhostaithe/neamhspleách, nó**
- **i do ghnó féin/teaghlaigh (lena n-áirítear siopa nó feirm)?**

♦ Cuir ✓ le 'Bhí' má bhí tú as láthair ón obair mar gheall ar bhreoiteacht, ar saoire mháithreachais, ar saoire nó asleagtha go sealadach.

♦ Cuir ✓ le 'Bhí' d'aon obair le pá, lena n-áirítear obair ócáideach nó shealadach, obair aon uaire amháin an chloig fiú.

♦ Cuir ✓ le 'Bhí' má d'oibrigh tú, le pá nó gan phá, i do ghnó féin/teaghlaigh.

Bhí ► Gabh chuig **23**

Ní raibh ► Gabh chuig **18**

**18 An raibh tú gníomhach ar lorg cineál ar bith oibre le pá le linn na 4 seachtaine seo caite?**

Bhí Ní raibh

**19 Dá mbeadh post ar fáil an tseachtain seo caite, an bhféadfá toiseacht laistigh de 2 sheachtain?**

D'fhéadfainn Ní fhéadfainn

**20 An tseachtain seo caite, an raibh tú ag fanacht le dul i gceann poist a bhí faighte cheana féin?**

Bhí Ní raibh

**21 An tseachtain seo caite, an raibh tú in aon aicme díobh seo a leanas?**

♦ Cuir ✓ sna bocsaí uilig atá infheidhme.

Ar scor

Mac léinn

Ag tabhairt aire don bhaile/teaghlach

Breoite/míchumasaithe go buan

Ceann ar bith díobh

**22 Ar oibrigh tú ariamh?**

D'oibrigh, *scríobh isteach an bhliain dheireannach inar oibrigh tú*

► Gabh chuig **23**

Níor oibrigh mé ariamh

► Gabh chuig **35**

**23** Freagair na ceisteanna atá fágtha don *phríomhphost* a bhí tú a dhéanamh an tseachtain seo caite, nó muna raibh tú ag obair an tseachtain seo caite, do do *phríomhphost* deireannach.

♦ Is é do *phríomhphost* an post ina n-oibríonn tú na huaireanta is mó de ghnáth.

**24 An (ar) fostaí tú nó an bhfuil (an raibh) tú féinfhostaithe?**

Fostaí

Féinfhostaithe le fostaithe

Féinfhostaithe/neamhspleách gan fostaithe

**25 Cá mhéad duine a oibríonn (a d'oibrigh) do d'fhostóir san áit a n-oibríonn (ar oibrigh) tú?**

♦ Má tá (bhí) tú *féinfhostaithe*, Cuir ✓ sa bhocsa chuí leis an líon daoine a fhostaíonn (d'fhostaigh) tú a thaispeáint.

1–9 10–24

25–499 500 nó níos mó

# Duine 1 – *ar leanstan*

**26 Cad é an teideal iomlán atá (a bhí) ar do *phríomhphost*?**

- Mar shampla, MÚINTEOIR BUNSCOILE, ALTRA STÁTCHLÁRAITHE, MEICNEOIR GLUAISTEÁIN, INNEALTÓIR DEISITHE TEILIFÍSEÁN, CÚNTÓIR SOCHAR.
- I gcás Státseirbhíseach, Oifigeach Rialtais Áitiúil - tabhair teideal poist chan grád nó banda pá.

**27 Déan cur síos ar an obair a dhéanann (rinne) tú i do *phríomhphost*.**

**28 An bhfuil (raibh) fostaithe ar bith eile á maoirsiú agat?**

- Tá maoirseoir nó maor freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar obair fostaithe eile ar bhonn laethúil.

Tá (Bhí) Níl (Ní raibh)

**29 Cad é gnó d'fhostóra san áit ina n-oibríonn (inar oibrigh) tú?**

- Mar shampla, DÉANAMH BRÓG, DEISIÚ GLUAISTEÁN, MEÁNOIDEACHAS, MÓRDHÍOL BIA, MIONDÍOL ÉADAÍ, LIALANN DOCHTÚRA.
- Má tá (bhí) tú féinfhostaithe/neamhspleách nó má tá (bhí) do ghnó féin agat, cad é an cineál gnó atá (a bhí) ann?
- I gcás Státseirbhíseach, Oifigeach Rialtais Áitiúil - sonraigh do Roinn le do thoil.

**30 Má bhí tú ag obair an tseachtain seo caite** ► Gabh chuig **31**

**Muna raibh tú ag obair an tseachtain seo caite** ► Gabh chuig **35**

**31 Cad é ainm iomlán na heagraíochta a n-oibríonn tú di i do *phríomh*phost?**

- Scríobh isteach an t-ainm nó cuir ✓ i mbocsa amháin mar is iomchuí.
- Má tá do ghnó féin agat, scríobh isteach an t-ainm.

Féinfhostaithe/neamhspleách Oibrím do dhuine aonair príobháideach

**32 Cad é seoladh na háite ina n-oibríonn tú i do *phríomh*phost?**

- Scríobh isteach an seoladh nó cuir ✓ i mbocsa amháin mar is iomchuí.
- Má chuireann tú thú féin i láthair ag ceannoifig, scríobh isteach ainm na ceannoifige.

Postcód

Oibrím go formhór sa bhaile nó ón bhaile Suiteáil amach ón chósta Buanáit ar bith

**33 Cad é do ghnáthchóir thaistil chun oibre?**

- Ná cuir ✓ ach in aon bhocsa amháin.
- Cuir ✓ sa bhocsa don chuid is faide, *ó thaobh faid de*, de do ghnáth-thuras chun oibre.

Oibrím go formhór sa bhaile nó ón bhaile

Traein

Bus, mionbhus nó cóiste (poiblí nó príobháideach)

Gluaisrothar, scútar nó móipéad

Gluaisteán nó veain rannpháirtithe, ag roinnt na tiomána

Paisinéir i ngluaisteán nó i veain

Tacsaí

Rothar

De shiúl na gcos

Eile

**34 Cá mhéad uair sa tseachtain a oibríonn tú de ghnáth i do *phríomhphost*?**

- Tabhair an líon iomlán is gaire d'uaireanta an chloig iomlána.
- Tabhair an meán do na ceithre seachtaine deireanacha.

Líon na n-uaireanta a oibríodh sa tseachtain

**35 NÍL CEISTEANNA AR BITH EILE ANN DO DHUINE 1.**

- **Gabh chuig ceisteanna do Dhuine 2.**
- **Muna bhfuil duine ar bith eile i do theaghlach fág na leathanaigh a leanas bán.**
- **Cuimhnigh go gcaithfidh tú an Dearbhú ar an leathanach tosaigh a shíniú.**